

Fáilte 2022

Spriocdháta: 20 Meán Fómhair, 2021

Craoladh beo siamsaíochta ó ionad nua sa Ghaeltacht (ionad nár taifeadadh *Fáilte* ann cheana) ina ndéanfar ceiliúradh ar an gCeantar ina bhfuil sé.

- Éagsúil ó aon soláthar eile atá ar fáil ar aon chainéal eile.
- Craoladh beo 1.5 uair an chloig le comhaireamh síos beo go meán-oíche.
- Tallann: Ba cheart próifíl éigin a bheith aici/aige/acu
- Buiséad: 125k ar a mhéid
- Lucht Féachana – Croí lucht Féachana

Ba chóir gach iarratas ar choimisiúnú a sheoladh chugainn tríd an gcóras ríomh-choimisiúnaithe mar cheangaltán [pdf](#) agus an buiséad (teimpléad TG4) ina cheangaltán excel. [Ní dhéanfar iarratas nach bhfuil buiséad leis a mheas.](#)

NB: Ní dhéanfar d'iarratas a mheas mura mbeidh na nithe seo san áireamh.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i ngach iarratas.

- Achoimre chruthaitheach faoin gclár nó faoin tsraith.
- Buiséad agus plan airgid ar theimpléad buiséid TG4.
- Léiritheoir agus Stiúrthóir luaite chomh maith leis an bpríomhfhoireann a bheidh taobh thiar den cheamara.
- Cur chuige físiúil ón stiúrthóir
- Moltaí maidir le tallann/rannpháirtithe atá le bheith ar an scáileáin
- Sprioclucht féachana TG4 agus an sprioc-am craolta.
- Plan nó sceideal léirithe
- Moltaí samplacha a léiriú do cheangail ilmheáin eile (idirlíon/meáin shóisialta/raidíó
- Plan Margaíochta trasardáin
- Caiteachas/forbairt/fostaíocht sna réigiúin

Ní mór na hiarratais a sheoladh ar aghaidh go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie> agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Fáilte 2022', ón roghchlár anuas. Gheobhaidh tú admháil leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is faoi na comhlachtaí iad féin atá sé a chinntiú go bhfuil na hiarratais faighte againn.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le haon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear in iúl d'iarrthóirí gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar eolas íogair (más ann dó) agus an chúis gur eolas íogair é a chur in iúl. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníomhaithe ag TG4 nó thar a cheann.